

## An Chéad Rialtas Eile

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bplé atá ar siúl faoin gcéad rialtas eile a bheidh againn in Éirinn. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. comhfhreagraí polaitíochta	a. <i>released/issued</i>
2. comhdhéanamh	b. <i>basic principles</i>
3. eisiithe	c. <i>outlook</i>
4. leasuithe	d. <i>negotiating group</i>
5. ionadaí	e. <i>senior ministers</i>
6. grúpa idirbheartaíochta	f. <i>basically</i>
7. bunphrionsabail	g. <i>political correspondent</i>
8. airí sinsearacha	h. <i>revisions/reforms</i>
9. dearcadh	i. <i>representative</i>
10. go bunúsach	j. <i>structure/composition</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach?

1. Tá Micheál Martin ag moladh go n-aontófaí ar leasuithe maidir leis an tslí a bhfuil an Dáil á reáchtáil.
2. Ba mhaith le Micheál Martin go bpléifí na leasuithe sula bpléifí comhdhéanamh an rialtais.
3. Tá sé ag moladh grúpa idirbheartaíochta a mbeadh baill ó Fhianna Fáil amháin ann.
4. Beidh trí seachtaine ag an ngrúpa idirbheartaíochta bunphrionsabail na leasuithe a leagan amach.
5. Baineann na leasuithe le smacht a choinneáil ar chumhacht an rialtais.
6. Beidh na hairí sinsearacha ag plé obair an Taoisigh sa chruinniú amárach.
7. Ceapann an tuairisceoir go mbeidh an Taoiseach ag cuardach síneadh ama ó Uachtarán na tíre ar an deichiú lá de mhí an Mhárta.

**Ceist 3** '...ar aon chainteanna...'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal **cainteanna** thuas? An bhfuil aon sampla eile agat?

**Ceist 4** '...ag an am...'  
'...leis an tslí...'  
'...leis an gcéad...'  
'...ar an gcumhacht...'

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na samplaí thuas agus déanaigí plé ar na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar an ainmfhocal a leanann réamhfhocal simplí agus an t-alt uatha.

B. Cuir Gaeilge ar na frásaí seo anois:

- on the table
- with the man
- from the woman
- over the wall
- at university
- on the street
- before the summer

**Ceist 5** Féach ar na hainmfhocail seo a bhí sa tuairisc. Cén t-íolra atá ag na hainmfhocail atá cosúil leo?

leasú	leasuithe
scrúdú	_____
fiosrú	_____
ionadaí	ionadaithe
tiománaí	_____
freastalaí	_____
páirtí	páirtithe
oibrí	_____
céimí	_____

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An raibh tú sásta le torthaí an olltoghcháin? Cén fáth?
2. Cén cineál rialtais a bheidh againn, dar leat?
3. An gceapann tú go mbíonn calaois toghcháin i gceist i dtoghcháin na hÉireann?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
g	j	a	h	i	d	b	e	c	f

### Ceist 2

1. Fíor.
2. Fíor.
3. Bréagach. Tá sé ag moladh grúpa idirbheartaíochta a mbeadh baill ó gach grúpa sa Dáil ann.
4. Bréagach. Beidh coicís acu.
5. Fíor.
6. Bréagach. Beidh siad ag plé thorthaí an olltoghcháin.
7. Fíor.

### Ceist 3

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann **aon** san iolra agus san uatha. Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **aon** má thosaíonn sé le *d*, *s* ná *t*. Mar shampla: *aon deoch*, *aon Teachta Dála*.

### Ceist 4

- ✓ Uraítear ainmfhocail dar tús consan nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan (seachas DNTLS).
- ✓ Séimhítear ainmfhocail dar tús consan nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt i gcanúint Uladh.
- ✓ Cuirtear **t** roimh ainmfhocail bhaininsneacha dar tús **s** i ngach canúint.
- ✓ Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús **t** agus **d** nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt, in aon chanúint.
- ✓ Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús guta nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt (uatha), in aon chanúint.  
\*Forléargas ginearálta atá sa treoir thuas.

on the table – *ar an mbord/ar an bhord/ar an tábla*  
with the man – *leis an bhfear/leis an fhear*  
from the woman – *ón mbean/ón bhean*  
over the wall – *thar an mballa/thar an bhalla*  
at university – *ar an ollscoil/ag an ollscoil*  
on the street – *ar an tsráid*  
before the summer – *roimh an samhradh*

### Ceist 5

leasú	leasuithe
scrúdú	scrúduithe
fiosrú	fiosruithe
ionadaí	ionadaithe
tiománaí	tiománaithe
freastalaí	freastalaithe
páirtí	páirtithe
oibrí	oibrithe
céimí	céimithe

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

Agus is í ár gcomhfhreagraí polaitíochta atá linn anois as Baile Átha Cliath. A Shorcha, tá go leor cur is cúitimh faoi chomhdhéanamh an chéad rialtais eile. Tá ráiteas eisithe ag Fianna Fáil tráthnóna; ba é an chéad chéim?

**Sorcha Ní Riada**

Bhuel, níl aon dabht faoi sin ach ní dócha gurb é an saghas céime a<sup>1</sup> mbeadh daoine ag súil leis ag an am céanna. Tá Micheál Martin ag moladh go n-aontófaí leasuithe maidir leis an tslí a bhfuil<sup>2</sup> an Dáil á reáchtáil acu, nó maidir leis an tslí a bhfuil sí<sup>3</sup> ag feidhmiú agus go n-aontófaí na leasuithe seo sara<sup>4</sup> dtugann siad aghaidh ar aon chainteanna maidir leis an gcéad rialtas eile. Tá sé ag moladh go gcuirfí grúpa oibre, saghas, ar bun, agus go mbeadh ionadaí ó gach aon ghrúpa sa Dáil mar bhaill den saghas grúpa idirbheartaíochta seo agus go mbeadh coicís acu ansin le saghas bunphrionsabail a leagan amach mar gheall ar na leasuithe. Agus tá sé ag moladh leasuithe a mhol Fianna Fáil roimhe seo, ó thaobh saghas smacht a chur ar an gcumhacht a bheadh ag an rialtas, le smacht iomlán a bheith acu ar an tslí a<sup>5</sup> bhfeidhmíonn an Dáil, go leanúnach. So, beidh le feiceáil cén saghas glactha a bheidh ag na páirtithe eile ar na moltaí seo.

**Eimear Ní Chonaola**

Anois, tá cruinniú rialtais le reáchtáil amárach. Céard a tharlóidh lena linn sin?

**Sorcha Ní Riada**

Bhuel, is dócha gur deis a bheidh anseo do na hairí sinsearacha torthaí an olltoghcháin<sup>6</sup> a phlé. Dar ndóigh, beidh ceisteanna riaracháin le plé acu chomh maith, ach is é seo an chéad deis a bheidh ag na hairí sinsearacha agus ag an Taoiseach na torthaí a phlé agus fáil amach cad é an dearcadh atá ag an Lucht Oibre. Ach, go bunúsach, ní dóigh liom go dtarlóidh aon rud go dtí an deichiú lá de mhí an Mhárta agus ansin is dócha go rachaidh an Taoiseach go dtí an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín le síneadh a fháil ar a chuid ama féin mar Thaoiseach agus go leanfar leis an idirbheartaíocht ansin go ceann cúpla seachtain eile.

**Eimear Ní Chonaola**

Tá go maith. Go raibh míle maith agat as sin, a Shorcha.

---

<sup>1</sup> go mbeadh a deirtear

<sup>2</sup> atá a deirtear

<sup>3</sup> atá sé a deirtear

<sup>4</sup> sula an leagan caighdeánach

<sup>5</sup> go bhfeidhmíonn a deirtear

<sup>6</sup> an t-olltoghcháin a deirtear